## Cló Petrie (1837)



XVII

Siud Síomon ag síorċur allais de
sdá ṁúċaḋ i bfionntar a ṫaċtuiġṫe
aicíd tuill is taoib is teangan air
d'eagla an ḟódáin fós nár scaraḋ ris.

XVIII

Nár ḟáġa i sáirse ná i seamaraib
i gcórrṡliab i nglóiriam ná i ngarblus
tar gaċ gné do ṗéin an ṗlacaire
faosaṁ ón saoṫ sin go searga.

XIX

A buiḋe re dia atáid triaṫa Carraṫaċ
Clanna Táil is árraiḋ Gearaltaċ
Clanna Néill is Ċéin is Ċaroluis
i gcóir an daoirse ṁaoil ó Ḃearabuic.

XX

Atá iona ċóir sir cóir naċ anabfann
baránta ceannárd an ċaṫa sin
fear ionaid an ríoġ sgo dtí a ṫapa leis
Risteard Talbóid anaṁóin eaċtrann.

XXI

Bíṫ gur láidir mála an ṁangaire
sa bócáil ó bóṫáin a reaċtaire
mar ionncam a fonn na bfearaċon
caillfiḋ sgól i ndeoiḋ an allais sin.

XXII

Is mór an greann már greann beiṫ gangaideaċ
ealaiḋe na bpeataoi re im aice ri
ó ċuaiḋ díob an ní do ṁearadar
is ceannṡa a gcluain re cuan mo ċaradsa.

---

XVII, l. 2 sa muċa, m; san muċa, P; san muiciḋe, C; sdá ṁuċaḋ, G; a ṫairgṫe, C. l. 4 ḟíodáin, m. XVIII, l. 1 ḟágaib, G, m; ḟáġaiḋ, P, C. l. 2 ccoirrṡliab, G, m; ccorrṡliab, P; ccorṡliab, C; ngaralus, Mss. XIX, l. 1 triaiṫe, G, m. l. 2 clann, P; árṡaiġ, G, m; árraiḋ, P, C. l. 4 an dtaoirse, m; na ttaoirse, C; an daoirse, G, P; Warwick, m, C; Warawick, G; Ḃearabuic, P. XX, l. 1 sar tóir, G, m, C. l. 3 ttiġ, G,

John C. MacErlean, *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair* (Londain, 1917).